# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1961 ÓN gCOIMISIÚN

**an 5 Lúnasa 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun éabhlóid mhais na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear in 2017, 2018 agus 2019 a chur san áireamh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin astaíochta $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart an luach $M_0$ le haghaidh na mblianta 2022, 2023 agus 2024 dá dtagraítear in Airteagal 14(1) pointe (a) a bhunú ar bhonn mheánmhaise i riocht feidhmithe na ngluaisteán nua paisinéirí uile a cláraíodh san Aontas in 2017, 2018 agus 2019.

(2) Bunaithe ar na luachanna a shonraítear i gCinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2019/582 ([2]), (AE) 2020/1035 ([3]) agus (AE) 2021/973 ([4]), ualaithe de réir líon na gclárúchán nua i ngach ceann de na blianta sin, ba é 1 398,50 kg an mheánmhais i riocht feidhmithe na ngluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sna blianta féilire 2017, 2018 agus 2019.

(3) Maidir leis na spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán nua paisinéirí le haghaidh na mblianta 2022, 2023 agus 2024, ba cheart iad a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach i gCuid A, pointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, agus úsáid á baint as luach $M_0$ 1 398,50.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gCuid A, pointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála $M_0$:

"$M_0$ = 1 379,88 in 2021 agus 1 398,50 in 2022, 2023 agus 2024".

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/582 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2019 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus spriocanna sonracha astaíochtaí do mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2017 agus do ghrúpa Volkswagen lena gcuimsítear a bhaill le haghaidh na mblianta féilire 2014, 2015 agus 2016 de bhun Rialachán (AE) 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 100, 11.4.2019, lch. 47).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2020 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na féilire 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa (IO L 227, 16.7.2020, lch. 37).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2019 agus don mhonaróir gluaisteán paisinéirí Dr Ing. h.c. F. Porsche AG agus do ghrúpa Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014 go 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 215, 17.6.2021, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN